C/2025/2949

28.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2949)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Ribeira Sacra'

PDO-ES-A1128-AM05

Dáta na teachtaireachta: 12.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Ribeira Sacra'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Ard-Stiúrthóireacht an Bhia

Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é toisc nach bhfuil i gceist leis aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

LAGHDÚ AR AN TEORAINN TÁIRGEACHTA IN AGHAIDH AN HEICTEÁIR LE hAGHAIDH FÍONCHAORA DEARGA

Is éard atá sa leasú a iarradh an táirgeadh uasta in aghaidh an heicteáir le haghaidh fíonchaora dearga a laghdú ón 9 500 kg in aghaidh an heicteáir atá ann faoi láthair go 7 500 kg in aghaidh an heicteáir.

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht táirge agus leasaíodh pointe 5.2 den doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Cúis:

Iarrtar an leasú i bhfianaise laghdú ar dhíolacháin fíona, agus laghdú ag teacht ar thomhaltas ar an leibhéal idirnáisiúnta. Déanann an laghdú sin difear go háirithe d'fhíonta dearga a tháirgtear i réigiúin a bhfuil traidisiún láidir fíonsaothrúcháin acu sa Fhrainc, sa Phortaingéil agus sa Spáinn, amhail Ribeira Sacra, an t-aon cheann de na cúig ainmniúchán tionscnaimh sa Ghailís ina bhfuil táirgeadh fíona dheirg coitianta. Mar thoradh ar an staid sin, tá méadú mór tagtha ar stoic i bhfíonlanna sna limistéir tháirgeachta sin, rud a d'fhág go ndearna roinnt tíortha san Aontas bearta éagsúla le déanaí chun na barrachais sin a laghdú, amhail fíonghoirt a ghrafadh, glasbhuaint nó driogadh le haghaidh úsáidí tionsclaíocha, agus glacadh an beart deireanach sin cheana féin le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh Ribeira Sacra in 2024.

Sa chomhthéacs sin, is éard a bheidh i laghdú na táirgeachta beart a fhónfaidh don chuspóir feabhas a chur ar cháilíocht na bhfíonchaor a bhuaintear agus, dá bhrí sin, ar cháilíocht na bhfíonta a tháirgtear, rud a d'éascódh a dtráchtálú agus a chuirfeadh feabhas ar na praghsanna a fhaightear. Fónfaidh an beart sin freisin chun an soláthar a thabhairt níos gaire don éileamh agus, dá bhrí sin, is beart iomchuí é chun iarracht a dhéanamh an margadh a chothromú.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Ribeira Sacra

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *FÍON DEARG: Fíonta dearga Ribeira Sacra Súmmum agus fíonta dearga Ribeira Sacra*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta dearga Ribeira Sacra Súmmum:

— Cuma: glan agus lonrach, le déine datha mheánach go hard-déine datha, idir caordhearg agus corcra-dearg.

— Cumhracht: bolaithe torthaí ó cheann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: caora dearga (amhail sútha talún nó sútha craobh, etc.) nó torthaí crainn (torthaí cloiche dearga).

— Blas: léiritheach; dea-bholaithe ó cheann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: caora dearga nó torthaí cloiche dearga; cothromaíocht idir alcól, aigéadacht agus géire; iarbhlas fada.

Fíon dearg Ribeira Sacra:

— Cuma: glan agus lonrach, le déine datha mheánach go hard-déine datha, idir caordhearg agus corcra-dearg.

— Cumhracht: bolaithe torthaí ó cheann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: caora dearga (amhail sútha talún nó sútha craobh, etc.) nó torthaí crainn (torthaí cloiche dearga).

— Blas: léiritheach; dea-bholaithe ó cheann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: caora dearga nó torthaí cloiche dearga; cothromaíocht idir alcól, aigéadacht agus géire; iarbhlas fada.

* Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11.

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

2. *FÍON GEAL: Fíonta geala Ribeira Sacra Súmmum*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

— Cuma: glan agus gléineach; dath idir buí éadrom agus buí órga.

— Dea-bholadh: léiritheach; bolaithe torthaí póma (torthaí póma bána agus clochthorthaí).

— Blas: léiritheach, dea-bholaithe torthaí póma, cothromaíocht idir alcól, aigéadacht agus géire, iarbhlas fada.

* Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11.67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

3. *FÍON DEARG: Fíonta dearga Ribeira Sacra Súmmum Barrica agus fíonta dearga Ribeira Sacra Súmmum Garda*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag fíonta a mhargaítear mar 'barrica' ('aosaithe i mbairillí'), chomh maith leis na ceanglais thuas a chomhlíonadh maidir le gach cineál fíona:

— Cumhracht: ba cheart ceann amháin ar a laghad de na dea-bholaithe seo a leanas a bheith sa chumhracht: spíosraí, adhmad nó dair.

— Blas: ba cheart ceann amháin ar a laghad de na blasanna seo a leanas a bheith air: spíosraí, adhmad nó dair.

* Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

4. *FÍON GEAL: Fíonta geala Ribeira Sacra Barrica agus fíonta geala Ribeira Sacra Garda*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith ag fíonta a mhargaítear mar 'barrica' ('aosaithe i mbairillí'), chomh maith leis na ceanglais thuas a chomhlíonadh maidir le gach cineál fíona:

— Cumhracht: ba cheart ceann amháin ar a laghad de na dea-bholaithe seo a leanas a bheith sa chumhracht: spíosraí, adhmad nó dair.

— Blas: ba cheart ceann amháin ar a laghad de na blasanna seo a leanas a bheith air: spíosraí, adhmad nó dair.

* Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

5. *FÍON ROSÉ: Fíonta rosé Ribeira Sacra Súmmum*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cuma: glan agus gléineach; le déine datha íseal go déine datha mheánach, idir bándearg éadrom agus caordhearg.

— Dea-bholadh: blasanna torthaí ó cheann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: caora nó torthaí cloiche dearga.

— Blas: léiritheach; dea-bholaithe ó cheann amháin ar a laghad de na catagóirí seo a leanas: caora nó torthaí cloiche dearga; cothromaíocht idir alcól agus aigéadacht; iarbhlas fada.

* Comhlíonann aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11.67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Ní fhéadfaidh an táirgeacht úsctha a bheith níos mó ná 69 lítear fíona in aghaidh 100 kg fíonchaor. I gcás fíonta rosé, ní fhéadfaidh an méid sin a bheith níos mó ná 40 lítear fíona in aghaidh 100 kg fíonchaor.

— Chun an téarma ‘barrica’ (aosaithe i mbairillí) a úsáid, ní mór an fíon a aosú i mbairillí adhmaid, agus na ceanglais seo a leanas maidir le híostréimhsí aosaithe agus uastoirteanna á gcomhlíonadh:

— Fíonta dearga: 6 mhí ar a laghad i mbairillí ag a bhfuil uastoilleadh 500 lítear.

— Fíonta geala: 3 mhí ar a laghad i mbairillí ag a bhfuil uastoilleadh 600 lítear.

— Chun an téarma ‘Garda’ a úsáid [lena dtagraítear d’fhíonta a ‘choimeád’ i.e. a ‘aosú’], ní mór fíonta a aosú ar feadh 7 mí ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 4 mhí i gcás fíonta geala i ndabhcha atá déanta as adhmad, coincréit nó – cé is moite de chruach agus poileistear – ábhair eile atá údaraithe faoi dhlí an bhia, ábhair a chomhlíonann na ceanglais toirte seo a leanas:

— I gcás fíonta dearga:

  — dabhcha adhmaid ag a bhfuil toilleadh idir 225 lítear agus 10 000 lítear;

  — dabhcha atá déanta as coincréit nó ábhair eile ag a bhfuil toilleadh suas le 5 000 lítear.

— I gcás fíonta geala:

  — dabhcha adhmaid ag a bhfuil toilleadh idir 225 lítear agus 8 000 lítear;

  — dabhcha atá déanta as coincréit nó ábhair eile ag a bhfuil toilleadh suas le 5 000 lítear.

2. Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

— Meastar gurb iad na cineálacha fíonchaor dearg Mencía, Brancellao, Merenzao, Sousón, Caíño Tinto, Caíño Longo agus Caíño Bravo agus na cineálacha fíonchaor geal Godello, Loureira, Treixadura, Dona Branca, Albariño, Torrontés, Branco Lexítimo agus Caíño Blanco na cineálacha tosaíochta nó na príomhchineálacha. Beidh ar a laghad 85 % de na cineálacha tosaíochta nó na príomhchineálacha fíniúna i bhfíonta ‘Súmmum’. Ní mór fíonta dearga nach margaítear mar ‘Súmmum’ a dhéanamh le 70 % Mencía ar a laghad.

— Ní cheadaítear cantaoirí leanúnacha ná brúiteoirí lártheifeacha ardluais a úsáid.

— Ní cheadaítear cleachtais lena ndéantar na fíonchaora a réamhthéamh nó na húrfhíonta nó na fíonta a théamh nuair atá an marc ann chun úscadh an ábhair dathúcháin a bhrú.

— Agus fíonta rosé Ribeira Sacra rosé á ndéanamh, ní fhéadfaidh an tréimhse ina maothaítear an t-úrfhíon le craicne na bhfíonchaor a bheith níos faide ná 48 n-uair an chloig.

— Ní fhéadfar sliseanna darach a úsáid le linn na fíonóireachta ná in aon phróiseas ina dhiaidh sin.

3. An modh saothraithe

— Ní mór a bheith an-chúramach agus na fíonchaora á mbuain, ní mór iad a phiocadh de láimh agus a bhailiú i gcliathbhoscaí arna n-údarú ag an mBord Rialála. Ní fhéadfar ach fíonchaora ar ardcháilíocht atá aibí go leor a úsáid chun na fíonta faoi chosaint a dhéanamh.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor dearg

   7 500 cileagram d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

   51,75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor geal

   12 000 cileagram d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

   82,80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is éard atá sa limistéar críochaithe cúig fholimistéar lena gcumhdaítear codanna de na bardais seo a leanas:

— Folimistéar Amandi: Sober agus Monforte de Lemos.

— Folimistéar Chantada: Portomarín, Taboada, Chantada, Carballedo agus A Peroxa;

— Fo-limistéar Quiroga-Bibei: Monforte de Lemos, A Pobra de Brollón, Quiroga, Ribas de Sil, a Pobra de Trives, Manzaneda agus San Xoán de Río.

— Folimistéar Ribeiras do Miño: Paradela, O Saviñao, Pantón, Sober agus Monforte de Lemos.

— Folimistéar Ribeiras do Sil: A Teixeira, Parada do Sil, Castro Caldelas agus Nogueira de Ramuín.

Tá na bardais sin laistigh de na cúigí Lugo agus Ourense i bPobal Féinrialaitheach na Gailíse.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALBARÍN BLANCO – BRANCO LEXÍTIMO

ALBARIÑO

BRANCELLAO

CAÍÑO BLANCO

CAÍÑO BRAVO

CAÍÑO LONGO

CAÍÑO TINTO

DOÑA BLANCA - DONA BRANCA

GARNACHA TINTORERA

GODELLO

GRAN NEGRO

JUAN GARCÍA - MOURATÓN

LOUREIRA – LOUREIRO BLANCO

MENCÍA

MERENZAO

SOUSÓN

TEMPRANILLO

TORRONTÉS

TREIXADURA

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Príomhthréith na bhfíonta sin is ea an cleachtas fíonsaothrúchán ar a dtugtar viticultura heroica [fíonsaothrú laochais], ina bhfástar fíniúnacha ar leicne cnoic a gearradh ina léibhinn, ar tírdhreach iontach é de dhéantús an duine. Tá go leor miocraeráidí ann i ngeall ar an gcineál sin rílífe shléibhtiúla. Dá bhrí sin, tá an rogha maidir le hairde agus treoshuíomh na bhfíniúnacha ríthábhachtach chun a áirithiú go n-aibíonn na fíonchaora i gceart. Ina theannta sin, is cineálacha dúchasacha iad na fíonchaora a úsáidtear go príomha sa limistéar a roghnaigh saothróirí fíniúna i gcaitheamh na gcéadta bliain agus atá dea-oiriúnaithe don aeráid agus don ithir áitiúil. Is fíonta dearga den chuid is mó a tháirgtear sa limistéar, agus is é Mencía an cineál is fairsinge. Bíonn dath caordhearg ar na fíonta agus bíonn siad torthaíoch le haigéadacht chothrom.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is leicne cnoic géara den chuid is mó atá sa limistéar táirgeachta, rud a fhágann go bhfuil sé deacair fíonlanna a thógáil. Dá bhrí sin, féadfar na fíonta a dhéanamh i bhfíonlanna atá tógtha ar thalamh atá suite i mbardais tuaithe áirithe atá ar theorainn an limistéir táirgeachta sna folimistéir agus bardais seo a leanas:

Amandi: Sober.

Chantada: Carballedo, A Peroxa, Portomarín, Taboada agus Chantada.

Ribeiras do Miño: Pantón agus O Saviñao.

Ribeiras do Sil: A Teixeira agus Castro Caldelas.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na fíonta a bhuidéalú ag an bhfoinse. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh iompar agus buidéalú an fhíona lasmuigh den limistéar táirgeachta agus limistéar fíonóireachta a cháilíocht i mbaol, mar gheall go bhféadfadh ocsaídiú-dí-ocsaídiú, éagsúlacht teochta agus tosca díobhálacha eile difear a dhéanamh dó. Dá fhaide a thaistealaíonn an fíon, is ea is mó an riosca. Trí bhuidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh is féidir saintréithe agus cáilíocht an fhíona a chaomhnú.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na carachtair a úsáidtear chun ainm an ainmniúcháin tionscnaimh a thaispeáint a bheith 4 mm ar airde ar a laghad. Tá ainm an fholimistéir agus an chineáil le léiriú trí úsáid a bhaint as carachtair nach mó ná leath d'airde na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh ainm an ATFC.

Tá sé éigeantach an trádmharc a úsáid. Má dhéantar na fíonta a lipéadú le trádmharcanna a úsáidtear le haghaidh ainmniúcháin tionscnaimh eile freisin, ní mór na focail 'Ribeira Sacra' a bheith sa réimse radhairc céanna leis an trádmharc agus a bheith a trí oiread níos mó ná é ar a laghad agus ní mór dóibh a bheith ar an gcúlra céanna agus an clóstíl chéanna a bheith acu.

Ní mór lipéad cúil uimhrithe a ghreamú ar gach buidéal. Ní mór lógó an ainmniúcháin tionscnaimh a bheith ar an lipéad cúil sin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/vinos/Pliego-condiciones-Ribeira-Sacra-enero-2025_ES.pdf